Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

15163/26

DEVGEN 178	**COEST 806**
ACP 106	**SAN 745**
RELEX 1432	**GENDER 163**
MIGR 334	**CLIMA 602**
SUSTDEV 89	**ENER 723**
COHOM 142	**MAMA 262**
COAFR 354	**MOG 231**
COASI 201	**NDICI 23**
DIGIT 283	**COWEB 140**
COLAC 140	

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 588 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Tuarascáil bhliantúil 2026 maidir le cur chun feidhme Ionstraimí an Aontais Eorpaigh um Ghníomhaíocht Sheachtrach in 2025

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 588 final.

Faoi iamh: COM(2026) 588 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.10.2026
COM(2026) 588 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Tuarascáil bhliantúil 2026 maidir le cur chun feidhme Ionstraimí an Aontais Eorpaigh um Ghníomhaíocht Sheachtrach in 2025

{SWD(2026) 324 final}

Clár na nÁbhar

BROLLACH 2
GEALLTANAIS DHOMHANDA 4
Freagairt an Aontais ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine 4
An tAontas: gníomhaí domhanda 5
Global Gateway 6
Cabhair dhaonnúil 6
FORBHREATHNÚ TÉAMACH 8
Forbairt Dhaonna 8
An t-aistriú i dtreo fuinneamh glan agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide 8
Digitiú, eolaíocht, teicneolaíocht, nuálaíocht agus bonneagar 9
Fás agus poist inbhuanaithe 10
An imirce agus easáitiú éigeantais 11
An Rialachas Daonlathach agus Cearta an Duine, an tSíocháin agus an tSlándáil 12
RAON DOMHANDA 14
An Afraic Fho-Shahárach 14
An Áise agus an tAigéan Ciúin 15
Críocha Mheiriceá agus an Mhuir Chairib 15
Méadú an Aontais (na Balcáin Thiar, an Tuirc, an Úcráin, Poblacht na Moldóive, an tSeoirsia) 16
Comharsanacht na hEorpa 17
Comharsanacht Oirthear na hEorpa 17
Comharsanacht Dheisceart na hEorpa agus an Meánoirthear/réigiún na Murascaille 18
Tíortha agus críocha thar lear 18

BROLLACH

Chonacthas athruithe móra ar fud an domhain in 2025, athruithe ba mhinic nárbh fhéidir a thuar. Bhí tionchar na gcogaí atá ar siúl faoi láthair sa chomharsanacht le brath níos mó ag saoránaigh. Lean cogadh foghach na Rúise san Úcráin de bheith ag leathnú isteach san Aontas Eorpach de thoradh an mhéadaithe ar ghníomhaíochtaí feachtais hibrideacha atá dírithe ar dhochar a dhéanamh do shlándáil na hEorpa. Mar gheall ar an gcomhthéacs atá ag éirí níos míshocra an t-am ar fad, bhí ar an Aontas freagracht níos mó a ghlacadh as a shlándáil agus a chosaint, a leasanna a chosaint go réamhghníomhach ar fud an domhain, agus dlús a chur leis an obair chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, cearta an duine a chosaint agus an t-iltaobhachas a neartú.

Tá an tAontas tar éis a chur chuige a athrú de réir a chéile i dtreo comhpháirtíochtaí comhionanna a théann chun tairbhe don dá thaobh a chruthú, comhpháirtíochtaí lena bhféachtar le riachtanas dúbailte a bhaint amach, is é sin an athléimneacht agus neamhspleáchas a fhorbairt ar bhonn idirnáisiúnta agus san Aontas. Príomhuirlis le haghaidh na hoibre sin is ea an straitéis Global Gateway. Trí bhíthin Global Gateway, tá an tAontas in ann a chuid acmhainní a dhíriú ar na háiteanna inar féidir an difríocht is mó a dhéanamh ó thaobh na forbartha inbhuanaithe de, agus leasanna an Aontais á gcosaint an tráth céanna. Bhí tionchar follasach aige sin i dtéarmaí chainníocht agus cháilíocht na dtionscnamh a rinneadh.

Chun tionchar an Aontais ar an domhan a uasmhéadú agus chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní agus scileanna an Aontais, ghlac institiúidí an Aontais, Ballstáit an Aontais agus institiúidí airgeadais go hiomlán leis an gcoincheap oibriú le chéile mar 'Foireann na hEorpa'. Tá an cur chuige sin ina dhlúthchuid anois den bhosca uirlisí gníomhaíochta seachtraí, bíodh sé faoi Global Gateway, i gcomhthéacsanna leochaileacha, trí chabhair dhaonnúil agus cosaint shibhialta a thabhairt nó sa rannpháirtíocht iltaobhach. Leanann líonra Toscaireachtaí an Aontais de ról tábhachtach a bheith aige maidir le láithreacht láidir chomhleanúnach an Aontais go háitiúil a áirithiú, agus na toscaireachtaí ag oibriú go dlúth leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí airgeadais Eorpacha i gcur chuige de chineál 'Foireann na hEorpa'.

Is féidir gníomhaíocht sheachtrach an Aontais le linn 2025 a roinnt ina ceithre cholún a threisíonn a chéile: an tsíocháin agus an tslándáil a chosaint, méadú a chur chun cinn, rathúnas agus slándáil agus athléimneacht eacnamaíoch a chosaint, agus an t-iltaobhachas agus an dlúthpháirtíocht dhomhanda a threisiú. Lean ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais de fhreagairt thapa sholúbtha chomhtháite a thabhairt ar ghéarchéimeanna agus ar shuaitf geopholaitiúla, agus na caighdeáin is airde le haghaidh bainistíocht fhónta airgeadais á gcur i bhfeidhm an tráth céanna.

Leagtar amach sa tuarascáil seo obair an Aontais agus a Bhallstát ar fud na gceithre cholún, lena n-áirítear obair chun comhpháirtíochtaí a neartú, i gcomhréir lenár luachanna Eorpacha, chomh maith le gníomhaíochtaí i roinnt réimsí idir dhíothú na bochtaineachta agus na forbartha inbhuanaithe, an tsaorthrádáil, an tslándáil, an tsíocháin agus an chobhsaíocht, an imirce, cearta an duine, an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn, an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint agus an fhulaingt a mhaolú. Thacaigh tionscnaimh de chuid an Aontais freisin le

tíortha comhpháirtíochta atá ag dul i ngleic leis an athrú aeráide agus ag cosaint na bithéagsúlachta, rud a léiríonn iarrachtaí leanúnacha an Aontais a ghealltanais dhomhanda a chomhlíonadh.

Is láidre atá an tAontas Eorpach nuair a tharraingímid le chéile. Chomh maith leis an bpunann chuimsitheach tionscadal agus ionstraimí seachtracha, tá sé den ríthábhacht, dá bhrí sin, leanúint de thorthaí láidre inbhuanaithe a fhorbairt agus a bhaint amach trí bhíthin cur chuige 'Foireann na hEorpa'.







Ardionadaí /Leas-Uachtarán
KAJA KALLAS
Gnóthaí Eachtracha agus Beartas Slándála

Coimisinéir
DUBRAVKA ŠUICA
An Mheánmhuir

Coimisinéir
MARTA KOS
Méadú

Coimisinéir
JOZEF SÍKELA
Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta

Coimisinéir
HADJA LAHBIB
Comhionannas, Ullmhacht agus Bainistíocht Géarchéime

GEALLTANAIS DHOMHANDA

Freagairt an Aontais ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine

Lean cogadh foghach forleathan na Rúise in aghaidh na hÚcráine de bheith ina chúis le fulaingt an duine, easáitiú forleathan agus scriosadh mórscála bonneagair chriticiúil shibhialtaigh agus fuinnimh, agus lean sé de dhochar a dhéanamh d'ord slándála na hEorpa agus an domhain agus de leochaileachtaí bia, leochaileachtaí fuinnimh agus leochaileachtaí eacnamaíocha a ghéarú i bhfad i gcéin ón réigiún.

Faoi dheireadh 2025, chuir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit thart ar EUR 193,3 billiún san iomlán de thacaíocht chomhcheangailte ar fáil don Úcráin, lena n-áirítear EUR 69,3 billiún de thacaíocht mhíleata, níos mó ná EUR 103,3 billiún de thacaíocht airgeadais, eacnamaíoch agus dhaonnúil, EUR 3,7 billiún ó fháltais a bhaineann le sócmhainní blocáilte na Rúise, agus EUR 17 mbilliún chun cúnamh a thabhairt do dhaoine atá ar a dteitheadh ón gcogadh.

Ba cholún lárnach de fhreagairt an Aontais in 2025 í an tSaoráid don Úcráin, ar ionstraim thiomnaithe í lenar féidir suas le EUR 50 billiún de thacaíocht intuartha sholúbtha a chur ar fáil le haghaidh théarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine agus lena ndéantar deontais agus iasachtaí atá nasctha le hathchóiriú a chomhcheangal le brainse infheistíochta, is é sin an Creat Infheistíochta don Úcráin, lena ngabhann EUR 9,5 billiún de thacaíocht ón Aontas agus arb é is aidhm dó suas le EUR 40 billiún d'infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a shlógadh. Faoi dheireadh 2025, rinneadh suas le EUR 6,9 billiún a leithdháileadh faoin gcreat sin ar chláir a thacaíonn le gnólachtaí beaga, le pobail atá buailte ag an gcogadh, le bonneagar criticiúil agus leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach.

In 2025, mar obair leantach ar na gealltanais a thug ceannairí G7 agus bunaithe ar thogra ón gCoimisiún, ghlac agus d'eisíoc an tAontas pacáiste cúnaimh airgeadais ina raibh iasacht eisceachtúil cúnaimh macrairgeadais dar luach EUR 18,1 billiún. Mar chuid den phacáiste, déantar sásra comhair iasachta a mhaoiniú trí ioncam urghnách a eascraíonn as sócmhainní ceannasacha blocáilte na Rúise. Ina theannta sin, i mí na Nollag 2025, chomhaontaigh na Ballstáit iasacht EUR 90 billiún a sholáthar don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027, bunaithe ar iasachtaíocht AE le tacaíocht ó lamháil bhuiséad an Aontais.

I gcaitheamh 2025, ghlac an tAontas pacáistí breise de bhearta sriantacha (smachtbhannaí) chun laghdú a dhéanamh ar chumas na Rúise a cogadh a fhearadh agus chun a bonn eacnamaíoch a lagú, mar shampla trí shrian a chur le rochtain na Rúise ar theicneolaíochtaí láithreach catha agus trí ioncam fuinnimh na Rúise a theorannú.

An tráth céanna, bhí smachtbhannaí agus bearta chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú ina bpríomhshraith eile de fhreagairt an Aontais, agus le treochlár REPowerEU agus reachtaíocht ghaolmhar an Aontais laghdaíodh go mór allmhairí ón Rúis chuig an Aontas.

Bhí an Úcráin fós ar an oibríocht ba mhó riamh a rinneadh faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus 39 n-iarraidh nuashonraithe ar chúnamh ón Úcráin á láimhseáil ag an Lárionad Comhordaithe Práinnfhreagartha. In 2025 amháin, sholáthair an tAontas EUR 220 milliún san iomlán de chabhair dhaonnúil chun fulaingt mhuintir na hÚcráine a mhaolú. Cuireadh síneadh leis an Treoir um Chosaint Shealadach le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón gcogadh go dtí mí an Mhárta 2027.

An tAontas: gníomhaí domhanda

In 2025, d'oibrigh an tAontas i dtimpeallacht idirnáisiúnta a bhí ag éirí níos déine agus níos casta agus cogadh ag teacht gar dá theorainneacha, coinbhleachtaí réigiúnacha ag dul in olcas, suaití ag cur isteach ar bhealaí trádála, iomaíocht gheopholaitiúil agus gheo-eacnamaíoch ag dul i ndéine, agus géarchéimeanna aeráide agus comhshaoil ag dul i ndonacht. D'fhág an cúlú daonlathach, sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear sáruithe ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, bréagaisnéis agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, agus brú méadaitheach ar an gcóras iltaobhach agus ar an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe gur baineadh an bonn a thuilleadh den chobhsaíocht dhomhanda.

Bhí freagairt an Aontais d'fhorbairtí domhanda in 2025 bunaithe ar cheithre cholún a threisíonn a chéile: an tsíocháin agus an tslándáil a chosaint, méadú a chur chun cinn, rathúnas agus athléimneacht a chosaint trí naisc eacnamaíocha inbhuanaithe shlána, agus an t-iltaobhachas agus an dlúthpháirtíocht dhomhanda a threisiú. Braitheann síocháin, slándáil agus rathúnas marthanach ar ord idirnáisiúnta riailbhunaithe éifeachtach.

In 2025, rinne an tAontas tuilleadh dul chun cinn maidir le cur chun feidhme a chláir oibre slándála agus cosanta, trí chur chuige comhtháite i leith dúshláin ilghnéitheacha slándála agus cosanta, trí thacaíocht mhíleata láidir don Úcráin a choinneáil ar bun, trína ról a threisiú trí mhisin an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta agus tríd an tSaoráid Eorpach Síochána, trí bhorradh a chur faoin athléimneacht in aghaidh bagairtí hibrideacha agus cibearbhagairtí, agus trí chomhpháirtíochtaí slándála agus cosanta a neartú.

D'aithin an tAontas go bhfuil an t-idirspleáchas á úsáid níos mó agus níos mó mar uirlis troda agus in 2025 d'fhéach sé le spleáchais chriticiúla a laghdú agus trádáil oscailte riailbhunaithe á caomhnú. Leag an tAontas amach cur chuige níos réamhghníomhaí agus níos éifeachtúla chun a shlándáil eacnamaíoch a neartú[1]. Tá an tslándáil agus an athléimneacht eacnamaíoch ag teacht chun bheith níos lárnaí sa ghníomhaíocht sheachtrach agus, mar léiriú air sin, tá beartas eachtrach eacnamaíoch curtha chun cinn ag an Aontas lena nasctar an t-iomaíochas, an tslándáil agus comhpháirtíochtaí; leis sin treisítear a chlár oibre trádála agus comhpháirtíochta le príomhréigiúin agus le comhpháirtithe atá ar aon intinn ar fud an domhain. Bhí an straitéis Global Gateway ina creat fíor-riachtanach chun an clár oibre sin a aistriú.

Threisigh an tAontas a thiomantas don iltaobhachas, don dlúthpháirtíocht dhomhanda agus do chosaint chearta an duine agus prionsabal daonnúil agus é ag obair chun an córas iltaobhach a chosaint agus a oiriúnú, agus ag tógáil ar Chairt na Náisiún Aontaithe, ar Chlár Oibre 2030 agus ar an 'gComhshocrú don Todhchaí' ó na Náisiúin Aontaithe. In 2025, thacaigh an tAontas go gníomhach le Tionscnamh NA80 ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, ar deis é chun éifeachtacht, costéifeachtúlacht agus comhleanúnachas na Náisiún Aontaithe a neartú agus chun a áirithiú go mbeidh sé in ann a bhfuil ina thrí cholún a bhaint amach, is iad sin an tsíocháin agus an tslándáil, cearta an duine, agus an fhorbairt.

In 2025, thug an tAontas ardú céime do na haigéin freisin go mbeidh siad ina dtosaíocht straitéiseach sa ghníomhaíocht sheachtrach, lena n-áirítear trí shláine Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige a chosaint mar an creat dlíthiúil le haghaidh ghníomhaíochtaí uile na n-aigéan. Ag an tríú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin, chuir an tAontas síos ar chlár níos

[1] JOIN(2025) 977

mó ná 50 gealltanas deonach dar luach beagnach EUR 1 bhilliún, chun cuidiú le slógadh an chomhphobail idirnáisiúnta chun dlús a chur le gníomhaíocht ar son na n-aigéan, go háirithe i dtreo theacht i bhfeidhm Chonradh na Mórmhara.

Le linn 2025, ba é an tAontas agus a Bhallstáit i dteannta a chéile fós an soláthraí cúnaimh oifigiúil forbraíochta is mó agus EUR 82,5 billiún de chúnamh á thabhairt acu, arb é atá ann 48 % den chúnamh oifigiúil forbraíochta[2] domhanda de réir réamhshonraí ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíoch (ECFE). Léiríonn na sonraí laghdú domhanda nach beag ar an gcúnamh oifigiúil forbraíochta iomlán, áfach, arb é an rud is mó cúis leis díscor tromchúiseach na Stát Aontaithe.

Leis na hiarrachtaí chun cistiú seachtrach agus comhtháthaithe an Aontais a chomhordú ar bhealach níos dlúithe, tugadh céim mhór chun cinn nuair a seoladh na chéad ghlaonna ar thionscadail chun dul i ngleic le dúshláin atá i gcoiteann ag na réigiúin is forimeallaí san Aontas, ag tíortha agus críocha thar lear agus ag tíortha nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad atá rannpháirteach i gcláir INTERREG.

Global Gateway

Rinne an tAontas tuilleadh uas-scálaithe ar Global Gateway, arb í a straitéis infheistíochta dhomhanda chun comhpháirtíochtaí a rachaidh chun tairbhe do gach aon chomhpháirtí a thógáil agus acmhainní poiblí agus príobháideacha a shlógadh chun an bhearna infheistíochta dhomhanda a dhúnadh agus chun tacú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna).

Faoi 2025, bhí níos mó ná EUR 306 bhilliún slógtha ag an Aontas, ag a Bhallstáit agus ag institiúidí airgeadais Eorpacha in infheistíochtaí Global Gateway, i bhfad chun tosaigh ar an sprioc EUR 300 billiún faoi 2027. I gcaitheamh 2025, bhí an cur chuige 'Foireann na hEorpa' fós lárnach sa chur chun feidhme, chun a áirithiú go soláthrófaí pacáistí infheistíochta ardtionchair ar bhealach comhordaithe.

Rinneadh Mol Infheistíochta Global Gateway[3] don Afraic Fho-Shaharach, do Mheiriceá Laidineach agus Muir Chairib, agus do réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise a sheoladh i mí Dheireadh Fómhair 2025 mar an t-ardán lárnach chun rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a chuíchóiriú agus a mhéadú, rud a chuir ar a gcumas do chuideachtaí AE eile tograí infheistíochta a chur isteach trí Fhoirne Náisiúnta[4] sna Ballstáit. Lean Grúpa Comhairleach Gnó Global Gateway den chomhar le hearnáil phríobháideach na hEorpa a neartú.

I dTuaisceart na hAfraice agus sa Mheánoirthear, leis an gComhshocrú don Mheánmhuir, a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2025, soláthraítear an creat nua polaitiúil le haghaidh Global Gateway sa réigiún. In 2025 formheasadh EUR 662 mhilliún d'infheistíochtaí, agus bhí coinne leis go slógfaí níos mó ná EUR 7 mbilliún d'infheistíochtaí, rud a fhágann go raibh coinne leis go slógfaí EUR 30 billiún san iomlán sa Mheánmhuir Theas idir 2021 agus 2025. Sna Balcáin Thiar, sa Tuirc, agus i réigiún Chomharsanacht an Oirthir, slógadh beagnach EUR 40 billiún d'infheistíochtaí a raibh coinne leo idir 2021 agus 2025.

Cabhair dhaonnúil

In 2025, le cabhair dhaonnúil agus cosaint shibhialta an Aontais tugadh freagairt ar leibhéal riachtanas domhanda thar a bheith ard. Is deontóir ar bhonn prionsabal é an tAontas arb iad prionsabail

[2] Sainmhínítear cúnamh oifigiúil forbraíochta domhanda anseo mar rud a n-áirítear ann an cúnamh oifigiúil forbraíochta arna thuairisciú ag tíortha an Aontais agus ag gach tír bhronntach eile.

[3] https://international-partnerships.ec.europa.eu/investment-hub_ga

[4] Sásraí comhordúcháin intíre uile-rialtais le haghaidh rannpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach.

dhaonnúla na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais a threoraíonn é. I dteannta a chéile, soláthraíonn an tAontas agus a Bhallstáit an sciar is mó den chistiú daonnúil domhanda (34 % in 2025), agus leithdháil an tAontas níos mó ná EUR 2,57 billiún in 2025 le haghaidh cabhair dhaonnúil ar bhonn riachtanas in 110 dtír, chomh maith le breis agus EUR 245 mhilliún do Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus d'acmhainneachtaí gaolmhara.

Tá géarchéim dhomhanda an ocrais i staid chriticiúil i gcónaí. Chun freagairt a thabhairt ar an ocras ar fud an domhain, rinneadh thart ar EUR 600 milliún a leithdháileadh ar chúnamh daonnúil bia agus cothaithe, i gcomhthéacs ina raibh 295 mhilliún duine thíos le neamhshlándáil ghéar bia agus inar deimhníodh gorta a bheith ag tarlú in Gaza agus sa tSúdáin.

Na príomhchúiseanna le géarchéim dhaonnúil an lae inniu is ea an choinbhleacht, an neamhshláine agus tionchar an athraithe aeráide. I gcoinbhleachtaí armtha an lae inniu, déantar sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta (DDI) go forleathan i gcónaí. Dá réir sin, in 2025 lean an Coimisiún Eorpach de thimpeallacht chumasúcháin níos fearr a chistiú agus a mholadh i dtaca le cabhair dhaonnúil ar bhonn prionsabal i gcomhthéacs sáruithe méadaitheacha ar DDI agus bacainní méadaitheacha ar rochtain dhaonnúil ar bhonn prionsabal.

Leis an Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil, a athbhrandáladh mar ReliefEU, soláthraíodh tacaíocht lóistíochta straitéiseach trí oibríochtaí aerdhroichid daonnúla, stoc-charnadh, stórasú agus seirbhísí iompair. In 2025, sholáthair ReliefEU cabhair dhaonnúil i ngéarchéimeanna agus i limistéir atá buailte ag coinbhleacht, lena n-áirítear Gaza, an tSúdáin, Poblacht Dhaonlathach an Chongó agus Maenmar, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe daonnúla agus le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. In 2025, leithdháileadh níos mó ná EUR 110 milliún ar oibríochtaí ReliefEU, lenar soláthraíodh 6 780 tona méadrach cabhrach san iomlán agus lenar tugadh freagairt ar 20 géarchéim in 18 dtír.

Is dlúthchuid de phráinnfhreagairt an Aontais iad gnéithe seachtracha na cosanta sibhialta, rud a chomhlánaíonn an chabhair dhaonnúil agus an comhar um fhorbairt trí chúnamh tapa comhordaithe a chur ar fáil i gcás tubaistí nádúrtha ar fud an domhain agus tubaistí arb é an duine is cúis leo. Gníomhachtaíodh Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, mar shampla, mar fhreagairt ar an ráig Ebola i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar thuilte tromchúiseacha in Cabo Verde agus ar an gcrith talún ar mhéid 7,7 i Maenmar i mí an Mhárta 2025.

FORBHREATHNÚ TÉAMACH

Forbairt Dhaonna

Lean díothú na bochtaineachta de bheith lárnach in obair an Choimisiúin. Faoi láthair, maireann thart ar 10,3 % de dhaonra an domhain faoi bhun thairseach na fíorbhochtaineachta, is é sin USD 3 in aghaidh an lae. Idir 2021 agus 2024, thacaigh 8,1 % den chúnamh oifigiúil forbraíochta arna mhaoiniú ag an Aontas (os cionn EUR 26,6 billiún) go díreach le SFI 1 maidir le díothú na bochtaineachta.

Bhí gníomhaíocht dhaonnúil ar son na sláinte ríthábhachtach i gcónaí chun beatha daoine a chosaint agus gnóthachain forbraíochta a chaomhnú. In 2025, leithdháil an tAontas thart ar EUR 400 milliún ar an tsláinte dhaonnúil, an leibhéal is airde riamh, agus aird á tabhairt ar chórais sláinte agus ullmhacht d'eipidéimí a neartú, ar chumhdach sláinte bunúsach agus uilíoch a chur chun cinn, lena n-áirítear sláinte na mban, agus é ag tabhairt freagairt ar thimpeallacht dhomhanda maoinithe sláinte atá ag éirí níos doichte agus ar riachtanais atá ag dul i méid i dtíortha leochaileacha agus i dtíortha ina bhfuil coinbhleacht.

Dhaingnigh an tAontas a ról mar cheann de na páirtithe is mó ar domhan a thacaíonn le cur chun cinn an oideachais ar ardchaighdeán mar cheart daonna agus mar spreagadh don fhorbairt inbhuanaithe, agus é ag tacú le gníomhaíochtaí in thart ar 70 tír chomhpháirtíochta. Rannchuidigh Erasmus+ le fothú acmhainneachta agus forbairt scileanna, trí bhíthin tionscadail chomhair in éineacht le hinstitiúidí ardoideachais, eagraíochtaí gairmoideachais agus eagraíochtaí óige (EUR 177,1 milliún in 2025) agus trí bhíthin scoláireachtaí soghluaisteachta do bhaill foirne ardoideachais agus do mhic léinn (EUR 260,9 milliún).

In 2025, rinne an tAontas an comhionannas inscne a dhaingniú a thuilleadh mar thosaíocht chothrománach ina ghníomhaíocht sheachtrach, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne[5], lena n-áirítear mar shampla tríd an gcur chuige '*ó mhná do mhná*' a phríomhshruthú ar fud na gclár bunriachtanas agus slite beatha uile san Afganastáin arna gcistiú ag an Aontas, lena n-áirithítear go bhfaighidh mná an chabhair go héifeachtach agus go mbeidh ról fóinteach acu sa phróiseas seachadta.

Tá beagnach leath de dhaonra an domhain gan rochtain ar sheirbhísí sláintíochta a bhainistítear go sábháilte. Le linn 2025, lean an tAontas de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí inbhuanaithe uisce, sláintíochta agus sláinteachais, i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce[6] a glacadh in 2025, lena n-áirítear infheistíochtaí fadtéarmacha Global Gateway in thart ar 50 tír, lenar slógadh an earnáil phríobháideach, agus trí chabhair dhaonnúil a thabhairt i gcás géarchéimeanna.

An t-aistriú i dtreo fuinneamh glan agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide

I gcomhréir le Comhaontú Pháras, leis an gComhaontú Glas don Eoraip[7] agus leis an straitéis Global Gateway[8], lean an tAontas de thacaíocht a thabhairt do thíortha comhpháirtíochta rochtain ar fhuinneamh inbhuanaithe a mhéadú, dícharbónú a dhéanamh agus oiriúnú don athrú aeráide. Bhí

[5] JOIN(2020) 17 ; https://international-partnerships.ec.europa.eu/system/files/2021-01/join-2020-17-final_en.pdf
[6] COM(2025) 280 ; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52025DC0280
[7] An Comhaontú Glas don Eoraip - an Coimisiún Eorpach
[8] JOIN/2021/30 ; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52021JC0030

gníomhaíocht sheachtrach dírithe ar ghiniúint fuinnimh in-athnuaite a mhéadú, ar fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar nascacht fuinnimh réigiúnach a fheabhsú, agus cruthú nó atreisiú spleáchas á seachaint, agus ar a bheith ag tacú le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus le laghdú riosca tubaiste.

Leanadh de chur chun feidhme an Tionscnaimh um Fhuinneamh Glas idir an Afraic agus an Eoraip. Bhí an tAontas, in éineacht leis an Afraic Theas, i gceannas freisin ar fheachtas bliana[9] chun infheistíocht a shlógadh le haghaidh fuinneamh in-athnuaite san Afraic a raibh EUR 15,5 billiún mar thoradh air, lena n-áirítear EUR 15,1 billiún ó Team Europe.

Lean an tAontas de gheilleagair uirbeacha atá ciorclach agus tíosach ar acmhainní a chur chun cinn. In 2025, tacaíodh le gníomhaíochtaí geilleagair chiorclaigh trí thionscnaimh dhomhanda i níos mó ná 40 tír agus trí bhíthin tionscnaimh réigiúnacha agus náisiúnta i níos mó ná 80 tír breise san Afraic, san Áise agus i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib, rud a rannchuidíonn le patrúin táirgthe agus tomhaltais níos inbhuanaithe. Aistríodh an fócas ó idirphlé beartais go hathchóirithe, comhpháirtíochtaí agus infheistíochtaí a chuidíonn le tíortha comhpháirtíochta brú acmhainní a laghdú, poist ardcháilíochta a chruthú agus slabhraí luacha a neartú, agus caidreamh eacnamaíoch athléimneach leis an Aontas á chumasú an tráth céanna.

Chuir an tAontas dlús le gníomhaíocht maidir le slabhraí luacha inbhuanaithe gan dífhoraoisiú. Trí DESIRA+ agus cláir agraibhia ghaolmhara, thacaigh sé le slabhraí luacha cócó, caife, cnónna caisiú agus ‘barr atá ligthe i ndearmad’, rud a nascann feirmeoirí beaga le margaí, a chuireann feabhas ar ithreacha agus a chuireann an agrafhoraoiseacht chun cinn.

Maidir le hamhábhair chriticiúla, thacaigh an tAontas le slabhraí soláthair inbhuanaithe, slána agus athléimneacha, lena n-áirítear tionscadail a rannchuidíonn le tagarmharcanna an Ghnímh um Amhábhair Chriticiúla[10] maidir le foinsiú, próiseáil, athchúrsáil agus éagsúlú, agus rinne sé saoráid thiomnaithe um amhábhair chriticiúla a oibríochtú chun tionscadail a nascadh le ceannaitheoirí agus airgeadaithe.

Tá ról ceannasach ag an Aontas agus ag na Ballstáit sa mhaoiniú idirnáisiúnta don aeráid mar an soláthraí is mó ar domhan de mhaoiniú do thíortha i mbéal forbartha don troid i gcoinne an athraithe aeráide. Mar shampla, thacaigh ráthaíochtaí agus maoiniú measctha an Chiste Eorpaigh um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus le hinfheistíocht i ngníomhú ar son na haeráide, lena n-áirítear trí bhíthin Cistí d’Infheisteoirí i nGníomhú ar son na hAeráide, agus tá 50 tionscadal bonneagair maolúcháin agus oiriúnúcháin ar a laghad ar siúl. Thacaigh Mol Comhairleach an Aontais maidir le hAirgeadas Inbhuanaithe le forbairt creataí bannaí glasa chun cuidiú le caipiteal príobháideach a shlógadh le haghaidh infheistíochtaí atá ailínithe leis an aeráid.

Digitiú, eolaíocht, teicneolaíocht, nuálaíocht agus bonneagar

Sa dara leath de 2025, chuir an tAontas tús le cur chun feidhme na Teachtaireachta Comhpháirtí maidir le Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta don Aontas Eorpach[11], a glacadh i mí an Mheithimh 2025, lena leagtar amach fís chuimsitheach le haghaidh claochlú digiteach a rachaidh chun tairbhe do gach aon chomhpháirtí, a bhfuil Tairiscint Ghnó Teicneolaíochta chomhtháite de chuid an Aontais mar bhonn

[9] https://commission.europa.eu/topics/international-partnerships/global-gateway/energy-africa_ga
[10] IO L, 2024/1252, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj
[11] JOIN(2025) 140 an 5 Meitheamh 2025 ; https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/library/joint-communication-international-digital-strategy-eu

agus thaca aici lena gcomhcheanglaítear nascacht shlán, intleacht shaorga (IS) iontaofa, cibearshlándáil, seirbhísí spásbhunaithe, bonneagar digiteach iontaofa agus bonneagar poiblí digiteach.

Ó réigiún go chéile, thacaigh tionscadail dhigiteacha faoi cholún digiteach Global Gateway le héiceachórais agus páirtithe leasmhara idirnáisiúnta taighde agus nuálaíochta agus shlóg siad iad, agus thacaigh moil agus ardáin thiomnaithe le comhroinnt eolais agus saineolas teicniúil, amhail líonra ríomhaireachta ardfheidhmíochta AE-MLC.

Bhí an t-iompar inbhuanaithe fós ina phríomhfhócas de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, rud a thacaigh le nascacht níos glaise agus níos athléimní. Feadh an 12 chonair tosaíochta Afracacha, na Conaire Iompair Tras-Chaispí, na Conaire idir an India, an Meánoirthear agus an Eoraip, i réigiúin na hÁise, Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib, agus i réigiúin Chomharsanachtaí an Oirthir (e.g. lánaí dlúthpháirtíochta a nascann an Úcráin agus an Mholdóiv leis an Aontas) agus an Deiscirt, rinneadh infheistíochtaí éagsúla lena gcuimsítear earnálacha an iompair d'iarnród agus de bhóthair agus an mhuiriompair, na soghluaisteachta uirbí, an bhonneagair lóistíochta agus na heitlíochta.

Cuidíonn Global Gateway freisin leis an iompar domhanda a dhícharbónú trí infheistíochtaí agus tionscnaimh ghlasa spriocdhírithe amhail an tionscnamh suaitheanta um Breoslaí Eitlíochta Inbhuanaithe (trína ndéantar gníomhaíochtaí ar fud na hAfraice agus na hIndia), na Lárionaid Dhomhanda um Chomhar Teicneolaíochta Muirí agus an tionscnamh um Chonairí agus Moil Loingseoireachta Glaise, lena dtacaítear le tíortha comhpháirtíochta cuspóirí aeráide na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta agus na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a chur chun feidhme.

Seoladh Sásra Infheistíochta Luathchéime chun deontais a sholáthar do chuideachtaí AE sna luathchéimeanna den iompar inbhuanaithe, den fhorbairt uirbeach agus de thionscadail fuinnimh agus IS, rud a chuideoidh leis an nuálaíocht a dhí-rioscú agus le tuilleadh maoinithe a phlódú isteach.

Ar an leibhéal iltaobhach, chuir an tAontas cur chun feidhme Chomhshocrú Digiteach Domhanda na Náisiún Aontaithe chun cinn agus bhí sé rannpháirteach go hoscailte agus go cuiditheach san Idirphlé Domhanda maidir le Rialachas IS. Cloch mhíle mhór don rialachas digiteach domhanda ba ea an t-athbhreithniú 20 bliain ar an gCruinniú Mullaigh Domhanda faoin tSochaí Faisnéise.

Fás agus poist inbhuanaithe

In 2025, chothaigh an tAontas fás eacnamaíoch inbhuanaithe cuimsitheach, chuir sé feabhas ar an timpeallacht ghnó agus shlóg sé infheistíocht phríobháideach le haghaidh poist ar ardchaighdeán tríd an straitéis Global Gateway agus tríd an Ollstruchtúr Airgeadais Eorpach don Fhorbairt. Le gníomhaíochtaí seachtracha, rinneadh idirphlé beartais, tacaíocht bhuiséadach agus ionstraimí comhroinnte riosca a chomhcheangal le bearta spriocdhírithe i dtaca le scileanna, slabhraí luacha agus iompar freagrach gnó.

Méadaíodh an rannpháirtíocht le hearnáil phríobháideach na hEorpa. Chomh maith le Mol Infheistíochta Global Gateway agus Grúpa Comhairleach Gnó Global Gateway, rinne Fóraim Ghnó an Aontais éascaíocht do líonrú agus déanamh margaí idir cuideachtaí Eorpacha agus rialtais tíortha comhpháirtíochta.

In 2025, síníodh 20 ráthaíocht nua CEFI+[12] le hinstitiúidí maoinithe forbraíochta éagsúla, ar mhéid iomlán ráthaíochta is mó ná EUR 3 bhilliún, agus cuireadh tús lena gcur in úsáid in 63 oibríocht a

[12] An Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus.

síníodh in 2025. Oibríochtaí maoinithe mheasctha a formheasadh in 2025, tá coinne leis go nginfidh siad thart ar EUR 18 mbilliún d'infheistíochtaí.

Bhí cláir oideachais agus scileanna (lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint deisbhunaithe agus ardoideachas) ag ailíniú níos mó agus níos mó le hearnálacha a dtugtar tosaíocht dóibh faoi Global Gateway, amhail sé thionscadal nua gairmoideachais agus gairmoiliúna deisbhunaithe a seoladh i dtíortha éagsúla san Afraic chun oiliúint a mheaitseáil le riachtanais mhargadh an tsaothair.

Trí úsáid chórasach a bhaint as na marcóirí inscne, míchumais agus neamhionannais, cuidíodh lena áirithiú go gcuirfear éifeachtaí dáileacháin san áireamh in infheistíochtaí, go gcuirfear cumhachtú eacnamaíoch agus cuimsiú na mban chun cinn agus go nascfar pobail nach ndéantar freastal ceart orthu.

An imirce agus easáitiú éigeantais

Ar fud na réigiún, threisigh an tAontas a chur chuige i leith na himirce, ar cur chuige é atá bunaithe ar chearta an duine, agus ghlac sé treoirlínte inmheánacha agus nósanna imeachta saincheaptha chun feabhas a chur ar dhearadh, ar shainaithint agus ar fhoirmliú gníomhaíochtaí imirce agus ar an bhfaireachán a dhéantar orthu mar aon le feabhas a chur ar láimhseáil sáruithe líomhnaithe. Mhéadaigh an tAontas an úsáid a bhaineann sé as a chistí chun a chuspóirí imirce a chur chun cinn le tíortha comhpháirtíochta. Chuaigh an tAontas i mbun idirphlé maidir le comhpháirtíochtaí straitéiseacha le príomh-chomhpháirtithe lenar cumhdaíodh gach gné den imirce agus den easáitiú éigeantais, le tacaíocht ó chistiú ón Aontas, i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce[13].

A bhuí le neartú ár gcomhpháirtíochtaí imirce, laghdaigh trasnuithe neamhrialta ag teorainneacha seachtracha an Aontais go dtí thart ar 179 000 in 2025, ceathrú cuid níos lú ná an líon a bhí ann in 2024, agus tháinig laghdú thart ar 19 % ar an líon iarratas ar thearmann san Aontas in 2025 freisin i gcomparáid le 2024, rud a léiríonn go páirteach comhar feabhsaithe le tíortha comhpháirtíochta. De bharr na comhpháirtíochta imirce leis an Máratáin a glacadh in 2024, mar shampla, cuireadh na gníomhaíochtaí uile sa phacáiste tacaíochta EUR 210 milliún chun feidhme, rud a chuir go mór le cumas na Máratáine an imirce agus an t-easáitiú éigeantais a bhainistiú agus deiseanna eacnamaíocha a chruthú sna réigiúin atá buailte. Slógadh na cistí sin freisin mar chuid de chur chuige na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) i leith tionscnamh solúbtha, rud a léirítear arís a bheith ríthábhachtach chun comhar a spreagadh maidir leis an imirce.

Ghéaraigh an tAontas freisin ar an obair in aghaidh smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine. Gníomhaíocht dhomhanda maidir leis na gnéithe airgeadais agus digiteacha den smuigleáil imirceach, rannchuidigh sí leis an gComhaontas Domhanda chun Smuigleáil Imirceach a Chomhrac agus ba chuid de phacáiste cistiúcháin EUR 78 milliún í a fógraíodh i mí na Nollag 2025.

Le tacaíocht ón Aontas faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 atá i bhfeidhm faoi láthair tugadh cosaint nó cúnamh do thart ar 5,8 milliún imirceach, dídeanaí, duine easáitithe ina dtír féin agus ball de phobail óstacha.

In 2025, rinneadh thart ar 15 % den bhuiséad cabhrach daonnúla a thiomnú don chosaint agus aird á díriú go tréan ar dhídeanaithe agus ar dhaoine easáitithe ina dtír féin de thoradh géarchéimeanna

[13] An Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce, COM(2026) 45 final.

amhail na cinn san Úcráin, in Gaza, sa tSúdáin, sa tSiria, san Afganastáin agus i gCorn na hAfraice. In 2025, leithdháileadh thart ar 87 % den chistiú cabhrach daonnúla ar thionscadail lena dtugtar aghaidh ar riachtanais daoine a easáitíodh ar bhonn éigeantais. Lean an tAontas de bheith tiomanta tacú le hathlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil agus lean sé de thacaíocht a thabhairt don Sásra um Aistriú Éigeandála i Ruanda agus don tSaoráid Tacaíochta do Dhídeanaithe sa Tuirc.

An Rialachas Daonlathach agus Cearta an Duine, an tSíocháin agus an tSlándáil

I dteannta roinnt mhaith idirghabhálacha déthaobhacha agus réigiúnacha, lean clár téamach na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda maidir le síocháin, cobhsaíocht agus cosc coinbhleachtaí d'aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí a chosc agus ar an tsíocháin a chothú agus de bheith ag dul i ngleic le bagairtí domhanda agus trasréigiúnacha[14]. Faoi dheireadh 2025, bhí 78 ngníomhaíocht maidir le cosc coinbhleachtaí, cothú na síochána agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna ar siúl. Le 18 ngníomhaíocht nua eile, tugadh aghaidh ar ábhair imní maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil dhomhanda, agus glacadh 14 ghníomhaíocht nua maidir le bagairtí domhanda.

Neartaíodh an fhrithsceimhlitheoireacht agus cosc an antoisceachais fhoréignigh trí ionstraimí amhail an tSaoráid Dhomhanda um Bagairt Sceimhlitheoireachta idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe[15], lenar soláthraíodh pacáistí tacaíochta spriocdhírithe don Iaráic, don Úisbéiceastáin, don Nigéir agus don tSomáil, i measc tíortha eile, agus trí obair ar chomhar breithiúnach iltaobhach le Léig na Stát Arabach.

Tá ról lárnach ag tacaíocht toghcháin agus breathnóireacht toghcháin maidir le próisis toghchánaíochta shíochánta chuimsitheacha inchreidte a chur chun cinn. In 2025, imscaradh misin iomlána breathnóireachta toghcháin chuig an mBolaiv, Eacuadór, an Ghuáin, Hondúras, an Chosaiv*, an Mhaláiv agus na hOileáin Fhilipíneacha; misin saineolaithe toghcháin chuig an gCosaiv, an Iaráic agus Suranam; agus misin leantacha chuig an gColóim, Guatamala, an Chéinia, Leosóta, Oileáin Mhaildíve, an Nigéir agus Tíomór Thoir, lenar cuidíodh le hinstitiúidí daonlathacha a neartú, muinín an phobail i bpróisis toghchánaíochta a chothú agus calaois, imeaglú agus foréigean a dhíspreagadh.

I suíomhanna leochaileacha agus i suíomhanna ina bhfuil coinbhleacht, choinnigh an tAontas ar a rannpháirtíocht sholúbtha lúfar agus é ag obair go dlúth le comhpháirtithe áitiúla, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí óige agus eagraíochtaí ban chun athléimneacht a chothú agus an tsíocháin a chur chun cinn, de réir cur chuige 'Foireann na hEorpa' más féidir. Le tionscnaimh dhomhanda chun an spás sibhialta a chosaint, amhail 'Córas AE le haghaidh Timpeallacht Chumasúcháin', rinneadh faireachán ar threochtaí agus fothaíodh acmhainneachtaí na sochaí sibhialta in 80 tír.

Threisigh an tAontas a chur chuige foriomlán slándála agus cosanta, lena n-áirítear trí thionscnaimh amhail Ullmhacht 2030 agus Ionstraim SAFE. Lean an tSaoráid Eorpach Síochána de bheith lárnach i bhfreagairt slándála an Aontais, agus leanadh de chaiteachas a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta aige a mhaoiniú lasmuigh de bhuiséad an Aontais. Eagraíodh misin agus oibríochtaí de chuid an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, chomh maith le huirlisí mearfhreagartha ar ghéarchéimeanna, ar fud na réigiún chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí láithreacha agus fadtéarmacha coinbhleachtaí, lena n-áirítear sa Mheánoirthear, san Afraic agus sa chomharsanacht.

[14] https://science4peace.jrc.ec.europa.eu/#/Home/CET/Map

[15] https://www.un.org/counterterrorism/en/EU-UN-Global-Terrorism-Threats-Facility

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

In 2025, neartaíodh comhar an Aontais le comhpháirtithe trí Chomhpháirtíochtaí Slándála agus Cosanta a thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe agus le Ceanada.

RAON DOMHANDA

An Afraic Fho-Shahárach

In 2025, dhaingnigh an tAontas agus an Afraic a gcomhpháirtíocht straitéiseach a thuilleadh lena gcumhdaítear trádáil, infheistíocht, síocháin agus slándáil, an t-aistriú glas agus an claochlú digiteach. Lean an Fhís Chomhpháirteach do 2030[16] den chomhar a threorú, agus Pacáiste Infheistíochta Global Gateway idir an Afraic agus an Eoraip ina croílár, le cois obair a rinneadh ar an tsíocháin, an tslándáil agus an rialachas, ar an imirce agus an tsoghluaisteacht, agus ar an iltaobhachas éifeachtach. Rinneadh comóradh 25 bliana ar an gcomhpháirtíocht ag an tríú cruinniú aireachta idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach agus ag an seachtú cruinniú mullaigh idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach, a reáchtáladh in 2025 in éineacht le Fóram Gnó an Aontais Eorpaigh agus an Aontais Afracaigh agus le Fóram Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta–na hÓige. Chuir an tAontas Eorpach agus Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin dlús lena gcomhar polaitiúil agus lean siad de bheith ag obair chun Comhaontú Shamó a chur chun feidhme.

In 2025, bhí an tAontas Eorpach fós ar an gcomhpháirtí trádála, infheistíochta, síochána agus slándála is mó ag an Afraic, ina sholáthraí cúnaimh oifigiúil forbraíochta, agus ina phríomhdheontóir cabhrach daonnúla. Bhain an tAontas amach EUR 360 billiún de thrádáil leis an mór-roinn, arb é atá inti 33 % de thrádáil iomlán na hAfraice. EUR 250 billiún san iomlán a bhí i stoc infheistíochta dírí coigríche an Aontais. Faoi dheireadh 2025, b'fhiú EUR 400 milliún an tacaíocht a thug an tAontas do thíortha na hAfraice tríd an tSaoráid Eorpach Síochána.

An tacaíocht d'oibríochtú an Limistéir Saorthrádála Mór-roinne, méadaíodh í trí chúnamh maidir le héascú trádála, custaim agus caighdeáin. Leis an Tionscnamh um Fhuinneamh Glas idir an Afraic agus an Eoraip agus leis an bhfeachtas dar teideal 'Foinsí in-athnuaite fuinnimh a uas-scálú san Afraic', leathnaíodh an obair ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar chomhtháthú réigiúnach leictreachais, lena n-áirítear uasghráduithe eangaí agus infheistíochtaí i bhfuinneamh gréine agus gaoithe. Lean clár NaturAfrica ar aghaidh ar fud sé réigiún gnáthóg tosaíochta, agus bhí Tionscnaimh Fhoireann na hEorpa maidir le bainistiú trasteorann uisce agus an geilleagar ciorclach ina gcuidiú le tíortha comhpháirtíochta oiriúnú don athrú aeráide agus feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair uisce agus ar chórais WASH.

In 2025, le conairí Lobito agus Douala–N'Djamena araon, ar dhá thionscnamh shuaitheanta Global Gateway iad, léiríodh gur féidir leis an mbonneagar tacú le forbairt agus athléimneacht eacnamaíoch níos leithne, go háirithe i limistéir thalamhiata agus leochaileacha. Tá rath ar an gcur chun feidhme leanúnach a bhuí le húinéireacht láidir Afracach agus gníomhaíochtaí comhordaithe i measc an Aontais Eorpaigh, comhpháirtithe Afracacha, institiúidí airgeadais agus infheisteoirí príobháideacha.

Bhí cabhair dhaonnúil ina comhlánú ar na hiarrachtaí sin: in 2025, thug an tAontas freagairt ar an ngéarchéim easáitithe is mó ar domhan sa tSúdáin (os cionn 10 milliún duine easáitithe de thír), agus leithdháil sé níos mó ná EUR 273 mhilliún mar fhreagairt ar an ngéarchéim (lena n-áirítear níos mó ná EUR 161 mhilliún sa tSúdáin amháin), agus EUR 157 milliún i gCorn na hAfraice chun aghaidh a thabhairt ar thriomach, ar neamhshlándáil an tsoláthair bia agus ar an easáitiú. Lean an tAontas de bheith gníomhach sa tSaiheil Láir freisin, mar a bhfuil aghaidh á tabhairt aige ar an easáitiú éigeantais, agus i réigiún Mór-Lochanna na hAfraice, mar a bhfuil cúram sláinte á chur ar fáil aige agus eipidéimí agus foréigean armtha ann.

[16] https://www.consilium.europa.eu/media/54412/final_declaration-en.pdf

An Áise agus an tAigéan Ciúin

In 2025, lean caidreamh gníomhach an Aontais leis an Áise Thoir, an Áise Thoir Theas agus an Áise Theas de bheith ag láidriú, agus an cur chuige réigiúnach cuimsitheach a leagtar amach i Straitéis an Aontais um an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach[17] á dhaingniú, lena n-áirítear tríd an nascacht fuinnimh agus Comhpháirtíochtaí um Aistriú Fuinnimh Cóir a chur chun cinn.

Leis an tionscnamh suaitheanta 'Nascacht Fuinnimh san Áise Theas' de chuid Global Gateway, léirítear conas a nascann an tAontas an fás inbhuanaithe, an t-aistriú glas agus an comhtháthú réigiúnach trína bheith ag tacú le forbairt margaidh leictreachais trasteorann.

Príomh-gharsprioc de chuid Global Gateway ba ea Conair Dhigiteach Gorm Raman idir an tAontas Eorpach, an Afraic agus an India[18] a shíniú, rud a atreiseoidh nascacht athléimneach cáblaí fomhuirí agus ailtireacht sonraí dhomhanda shlán éagsúlaithe. Ghlac an tAontas tionscnamh EUR 42 mhilliún freisin chun an úsáid a bhaintear as sonraí Copernicus san Aigéan Ciúin agus san Áise a neartú, rud a thacaíonn le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe maidir le pleanáil aeráide agus spásúlachta.

Ag an gcéad Chruinniú Mullaigh idir an tAontas agus an Áise Láir i mí Aibreáin 2025, d'fhógair an tAontas pacáiste infheistíochta Global Gateway de chuid Fhoireann na hEorpa dar luach EUR 12 bhilliún, a raibh Dearbhú Intinne maidir le hamhábhair chriticiúla ag gabháil leis, lena spriocdhírítear ar iompar inbhuanaithe, fuinneamh glas, nascacht dhigiteach agus uisce, agus ar eascair ocht gconradh nua as chun feabhas a chur ar naisc ilmhódacha idir an Áise Láir agus an Eoraip.

Ag an gcéad Fhóram Gnó idir an tAontas agus réigiún an Aigéin Chiúin i bhFidsí, d'fhógair an tAontas beagnach EUR 300 milliún d'infheistíochtaí Global Gateway le haghaidh athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, fás inbhuanaithe, iompair, nascacht dhigiteach, uisce, fuinneamh in-athnuaite, agus forbairt trádála ar fud réigiún an Aigéin Chiúin, rud a fhágann gur tionscadal suaitheanta don réigiún í an Chomhghuaillíocht ghlas/ghorm maidir leis an Aigéan Ciúin[19].

Thug an tAontas níos mó ná EUR 163 mhilliún de chúnamh tarrthála san Afganastáin in 2025, agus sheachaid sé 390 tona d'earraí leighis agus cothaitheacha chun freastal ar riachtanais mhuintir na hAfganastáine.

Críocha Mheiriceá agus an Mhuir Chairib

Reáchtáladh an ceathrú Cruinniú Mullaigh idir Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh agus an tAontas Eorpach i mí na Samhna 2025 sa Cholóim, chomh maith le Fóraim Sochaí Sibhialta agus Ghnó. D'athdhearbhaigh na ceannairí an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an gcomhpháirtíocht idir an tAontas Eorpach agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh agus leag siad síos tosaíochtaí, lena n-áirítear faoi Chlár Oibre Infheistíochta Global Gateway idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib. D'ainneoin comhthéacs geopholaitiúil dúshlánach, ghlac an tAontas Eorpach agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh Dearbhú Comhpháirteach agus dhá dhearbhú chomhlántacha maidir le slándáil agus cúram saoránach, lenar cuireadh i dtábhacht a dtiomantas comhroinnte don iltaobhachas, don trádáil agus don infheistíocht, don aistriú glas agus don aistriú digiteach, don chuimsiú sóisialta, agus don chomhar

[17] https://www.eeas.europa.eu/eeas/eu-indo-pacific-strategy_ga
[18] https://international-partnerships.ec.europa.eu/policies/global-gateway/eu-africa-india-digital-corridor_ga
[19] https://international-partnerships.ec.europa.eu/policies/global-gateway/green-blue-alliance-pacific_ga

maidir leis an tslándáil, leis an gceartas agus leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe trasnáisiúnta.

Faoi 2025, áiríodh i gcur chun feidhme an Chláir Oibre Infheistíochta Global Gateway idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib níos mó ná 80 tionscadal lena ndeimhnítear seasamh an Aontais mar phríomhinfheisteoir i Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib agus lena léirítear neart an chur chuige 'Foireann na hEorpa'. I measc na dtionscnamh suaitheanta tá comhtháthú réigiúnach leictreachais, an tionscnamh nascachta satailíte Condosat, agus líonra sár-ríomhaireachta AE-MLC le haghaidh IS. Ó bhí mí na Bealtaine 2025 ann, tá stádas breathnóra bhuain ag an Aontas Eorpach in Eagraíocht Fuinnimh Mheiriceá Laidinigh[20] chun dul chun cinn comhpháirteach a dhéanamh maidir leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus maidir le beartais inbhuanaithe.

Láidríodh an comhar idir an tAontas Eorpach agus comhpháirtithe Mhuir Chairib freisin faoi chuimsiú Chomhaontú Shamó agus Phrótacal Mhuir Chairib a ghabhann leis, lena ndaingnítear an t-idirphlé polaitiúil agus an comhar um fhorbairt i gcomhpháirtíocht athnuaite fhadtéarmach.

I Muir Chairib, le Tionscnamh Global Gateway um Fheamainn Shargasach, forbraíodh treochláir náisiúnta maidir le luachrú feamainne sargasaí agus dúshlán comhshaoil á thiontú ina dheis mhór eacnamaíoch dá réir.

Bhí an comhar leis na Stáit Aontaithe dírithe ar rannpháirtíocht le catagóirí agus leibhéil éagsúla páirtithe leasmhara seachas údaráis fheidearálacha trí ghníomhaíochtaí taidhleoireachta poiblí, comhair idir cathracha agus for-rochtana oideachais. Leis an rannpháirtíocht le Ceanada, cuireadh an tAontas chun cinn mar chomhpháirtí iontaofa ar féidir brath air in earnálacha príomhthosaíochtaí amhail an trádáil, an earnáil dhigiteach agus an earnáil cosanta agus slándála. Bhí an comhar leis an dá thír dírithe freisin ar ghnóthaí Artacha (Comhar Réigiúnach Uirbeach Artach agus rannpháirtíocht na hÓige).

I Veiniséala agus mórthimpeall uirthi, mar a bhfuil 58,6 % den daonra thíos leis an bhfíorbhochtaineacht, ghníomhaigh an tAontas mar an deontóir cabhrach daonnúla ba mhó in 2025 agus breis agus EUR 52 mhilliún á sholáthar aige.

Bunaíodh stoc-charn nua cabhrach daonnúla i mBarbadós chun cumas mearfhreagartha an Aontais a threisiú i gcás cioclóin thrópaiceacha, tuilte agus creathanna talún i réigiún Mhuir Chairib agus i réigiúin chomharsanacha.

Méadú an Aontais (na Balcáin Thiar, an Tuirc, an Úcráin, Poblacht na Moldóive, an tSeoirsia)

Le Pacáiste 2025 um Méadú, a glacadh i mí na Samhna, deimhníodh go bhfuil an móiminteam i dtaca le méadú fós go hard ar chlár oibre an Aontais agus go bhfuiltear ag teacht níos gaire d'aontachas Ballstát nua, ar choinníoll go gcuirfidh na comhpháirtithe athchóirithe bunúsacha i gcrích.

Rinneadh formhór na gcomhpháirtithe sna Balcáin Thiar dul chun cinn seasmhach maidir le bunphrionsabail an phróisis aontachais, agus tá Montainéagró agus an Albáin ag druidim níos gaire don chuspóir an chaibidlíocht a thabhairt chun críche. I gcás na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive, dúnadh an próiseas scagtha (scrúdú teicniúil ar *acquis* an Aontais) in 2025, agus is é an measúnú a rinne an Coimisiún go raibh na braislí maidir le bunphrionsabail, maidir leis an margadh inmheánach

[20] https://www.olade.org/en/

agus maidir le caidreamh seachtrach réidh le hoscailt. Tá an tSeoirsia fós ina tír is iarrthóir go foirmiúil, ach chuir gníomhaíochtaí a rinne údaráis na Seoirsia le déanaí stop *de facto* leis an bpróiseas aontachais. Lean an Tuirc de bheith ina comhpháirtí a bhfuil tábhacht straitéiseach léi agus ina tír is iarrthóir d'ainneoin go bhfuil an chaibidlíocht maidir le haontachas fós ina stad.

D'fhorbair an Coimisiún an uirlis nuálach intleachta saorga 'eAccession' chun cuidiú le tíortha is iarrthóirí dlús a chur le comhfhogasú rialála agus am agus acmhainní á sábháil an tráth céanna.

Lean an tAontas de bheith ag tacú le comhtháthú eacnamaíoch réigiúnach, lena n-áirítear trí chórais íocaíochta a nuachóiriú agus tríd an Albáin, Montainéagró agus an Mhacadóin Thuaidh a bheith á n-áireamh ag an gComhairle Eorpach um Íocaíochtaí sna scéimeanna maidir leis an limistéar aonair d'íocaíochtaí euro (SEPA) i mí Dheireadh Fómhair 2025, rud a laghdaíonn go mór amanna idirbhirt agus costais do shaoránaigh agus do ghnólachtaí.

Léiríonn an tSaoráid don Úcráin agus na Pleananna Fáis do na Balcáin Thiar agus do Phoblacht na Moldóive an chaoi a gcomhcheanglaíonn an tAontas tiomantas polaitiúil, tacaíocht airgeadais agus coinníollacht chun dlús a chur leis an gcóineasú leis an Aontas. Is éard atá sna saoráidí EUR 6 bhilliún de dheontais agus d'iasachtaí do na Balcáin Thiar agus EUR 1,9 billiún don Mholdóiv, agus cistiú nasctha le cur chun feidhme clár oibre don athchóiriú, arna gcomhaontú go comhpháirteach, agus le comhtháthú de réir a chéile i réimsí roghnaithe den Mhargadh Aonair. Faoi dheireadh 2025, glacadh cláir oibre don athchóiriú le haghaidh na gcomhpháirtithe uile, agus eisíocadh an réamh-mhaoiniú leis an Albáin, le Montainéagró, leis an Macadóin Thuaidh, leis an tSeirbia agus leis an Moldóiv.

Ailíniú iomlán na gcomhpháirtithe leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta agus leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála, lena n-áirítear bearta sriantacha an Aontais, cuireadh chun cinn é agus thug an tAontas freagairt ar iarrataí na gcomhpháirtithe go neartófaí a n-athléimneacht agus a slándáil in aghaidh bagairtí hibrideacha agus bagairtí eile.

Choinnigh an tAontas tacaíocht shubstaintiúil ar bun do dhídeanaithe sa Tuirc, agus gheall sé EUR 1,3 billiún de thacaíocht do dhídeanaithe faoin mbuiséad le haghaidh 2025-2027, agus tugadh isteach córas nua 'cascáide víosaí' in 2025 chun éascaíocht a dhéanamh do thaistealaithe de mheon macánta ón Tuirc taisteal i limistéar Schengen.

Comharsanacht na hEorpa

Comharsanacht Oirthear na hEorpa

I gComharsanacht an Oirthir, faoi scáil chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, lean an tAontas dá chaidreamh gníomhach le tíortha comhpháirtíochta an réigiúin ar bhonn déthaobhach nó réigiúnach (an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an tSeoirsia, an Mholdóiv agus an Úcráin). Lean Comhpháirtíocht an Oirthir de chreat comhair seanbhunaithe éifeachtúil a sholáthar do na rannpháirtithe uile. I gcás na Bealarúise, lean an tAontas dá bheartas brú a chur ar na húdaráis agus tacaíocht a thabhairt do shaoránaigh, don tsochaí shibhialta agus do na meáin neamhspleácha an tráth céanna.

Leis an gclár 'Tacaíocht d'Ardfhoghlaim agus d'Ardoiliúint', tugtar cúnamh do mhic léinn, do léachtóirí agus do thaighdeoirí ón mBealarúis arb éigean dóibh teitheadh ón réimeas. Is tionscnamh é a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis chun acmhainneacht intleachtúil na Bealarúise a chaomhnú.

Bhí an straitéis Global Gateway agus pleananna gníomhaíochta ilbhliantúla 2025-2027 le haghaidh Chomharsanacht an Oirthir fós ríthábhachtach chun tacú leis an athléimneacht, leis an nascacht agus

leis an bhforbairt shocheacnamaíoch. EUR 668,2 milliún de ghealltanais a bhí sna pleananna gníomhaíochta ilbhliantúla a formheasadh le déanaí (gan cúnamh don Úcráin a áireamh).

Glacadh cur chuige straitéiseach nua i leith réigiún na Mara Duibhe[21] i mí na Bealtaine, agus formhuiníodh clár oibre um nascacht i mí Dheireadh Fómhair, lena nasctar an Eoraip leis an Áise Láir trí réigiún na Mara Duibhe, tríd an Tuirc agus trí Chugas Theas agus lena soláthraítear bonn tábhachtach le haghaidh comhar níos dlúithe le comhpháirtithe Chugas Theas maidir le hiompar inbhuanaithe, fuinneamh agus naisc dhigiteacha.

Comharsanacht Dheisceart na hEorpa agus an Meánoirthear/réigiún na Murascaille

Is chun leas straitéiseach an Aontais é an Afraic Thuaidh, an Meánoirthear agus Réigiún na Murascaille a bheith rathúil, nasctha, cobhsaí agus síochán a bheith iontu.

In 2025, chuir an tAontas uirlisí nua ar fáil dó féin, go háirithe an Comhshocrú don Mheánmhuir[22] agus seoladh roinnt comhpháirtíochtaí straitéiseacha cuimsitheacha, chun gníomhaíocht níos comhleanúnaí atá bunaithe ar thionchar a sholáthar ar fud an réigiúin. Tháinig an Ard-Stiúrthóireacht um an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh agus Murascaill na Peirse, ar Ard-Stiúrthóireacht nua thiomnaithe de chuid an Choimisiúin í, i bhfeidhm go hiomlán mar an mol le haghaidh chaidreamh an Choimisiúin le 19 dtír chomhpháirtíochta.

Lean an cogadh in Gaza de bheith ina chúis le géarchéim dhaonnúil thromchúiseach, le scriosadh forleathan agus le héagobhsaíocht mhéadaithe ar fud an Mheánoirthir. Thionóil an tAontas an chéad chruinniú den Ghrúpa Deontóirí don Phalaistín i mí na Samhna 2025, agus clár cuimsitheach á chur síos aige le haghaidh théarnamh agus athléimneacht na Palaistíne i gcomhair 2025-2027 agus bearta sriantacha á moladh aige mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den réiteach dhá stát.

Tá an tAontas fós ar an deontóir idirnáisiúnta agus an soláthraí cabhrach daonnúla is mó do Phalaistínigh, agus EUR 220 milliún san iomlán de thacaíocht dhaonnúil éigeandála leithdháilte aige in 2025. I dteannta maoiniú, choinnigh an tAontas tacaíocht oibríochtúil ar bun trí eitiltí aerdhroichid, trí aslonnuithe leighis agus trí ghníomhaíochtaí lasta de bhóthar.

Sa Mhurascaill, tairgeadh comhaontuithe comhpháirtíochta straitéisí do gach ceann de na sé chomhalta de Chomhairle Comhair Stáit Arabacha na Murascaille; faoi dheireadh 2025, bhí freagra dearfach tugtha ag cúig cinn acu agus tosaíodh ar an gcaibidlíocht le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus le Catar.

Tá Córas Cáblaí Fomhuirí Medusa ina thionscadal claochlaitheach le haghaidh na teileachumarsáide réigiúnaí agus idirnáisiúnta, lena soláthrófar bealaí nascachta athléimneacha ardacmhainneachta idir an Eoraip agus an Afraic Thuaidh.

Tíortha agus críocha thar lear

Is eintitis neamhcheannasacha iad na 13 thír agus chríoch thar lear a choinníonn naisc bhunreachtúla speisialta ar bun leis an Danmhairg, leis an bhFrainc agus leis an Ísiltír agus ar dlúthchuid de theaghlach na hEorpa i gcoitinne iad. Glacann na críocha chucu féin ról atá ag éirí níos straitéisí don Aontas, óir tá

[21] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_25_1348
[22] JOIN(2025) 26 an 16 Deireadh Fómhair 2025 https://north-africa-middle-east-gulf.ec.europa.eu/joint-communication-pact-mediterranean_ga

sócmhainní acu amhail limistéir eacnamaíocha eisiacha ollmhóra, agus rochtain ar acmhainní nádúrtha tábhachtacha, lena n-áirítear amhábhair chriticiúla, agus príomhlimistéir mhuirí agus príomhbhealaí farraige.

Leis an gCinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear lena n-áirítear an Ghraonlainn, cuirtear EUR 500 milliún in áirithe chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta tíortha agus críocha thar lear, agus chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar chailliúint na bithéagsúlachta le haghaidh 2021-2027. Mhol an Coimisiún go ndéanfaí leasú ar an gCinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear lena n-áirítear an Ghraonlainn, arb é a bheadh ann na cistí arna leithdháileadh ar thíortha agus críocha thar lear a dhúbailt go EUR 999 milliún le haghaidh na tréimhse 2028-2034.

In 2025, lean an caidreamh leis an nGraonlainn de bheith ag méadú agus ag dul i ndéine i gcomhthéacs leas idirnáisiúnta méadaithe san Artach, lena gcumhdaítear réimsí amhail amhábhair chriticiúla, fuinneamh in-athnuaite, agus nascacht, mar aon le hoideachas agus iascach. Mar chuid den chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Ghraonlainn, rinneadh dhá idirphlé beartais, tugadh cuairteanna ardleibhéil agus reáchtáladh Seachtain tionscnaimh AE–na Graonlainne i mí na Samhna sa Bhruiséil.

Ba í 2025 an bhliain dheireanach de chur chun feidhme an chéad Phlean Gníomhaíochta de Bheartas Uisce Pholainéis na Fraince (2021-2030). I measc na dtorthaí a baineadh amach bhí méadú ar an líon bardas a dháileann uisce óil, gníomhaíochtaí leanúnacha chun dobharcheantair a chosaint, agus neartú rialachas na hearnála trí choiste teicniúil lánoibríochtúil. Tá an dara Plean Gníomhaíochta beartaithe chun an tréimhse 2026-2030 a chumhdach.